Nuashonrú ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíocht (FST) - Ráithe 1 2019

Cúlra

Ó mhí Iúil 2017, cuirtear iarratais díreach chuig an mBord Pleanála ar fhorbairtí tithíochta thar 100 aonad agus ar chóiríocht do mhic léinn thar 200 spás leapa.

In 2018, cuiread 39 iarratas ar fhorbairtí cuig an mBord Pleanála, 10 gcinn díobh a fuarthas i mí na Samhna agus mí na Nollag. In 2018, rinneadh cinntí sa Bhord Pleanála ar 39 iarratas agua ceadaíodh cead i 27 cás do 7,102 aonad tithíochta (3,284 teach agus 3,818 árasán) agus 4,479 spás leapa.

Iarratais FST i Ráithe 1 2019

Idir mí Eanáir agus mí Márta 2019, fuair an Bord 24 iarratas, agus déanfar cinntí orthu go leir roimh dheireadh mhí Iúil na bliana seo. Sa tréimhse chéanna de thrí mhí anuraidh, **fuarthas** 7 iarratas.

Rinneadh cinntí ar 9 iarratas san iomlán sa chéad ráithe de 2019 (6 a ceadaíodh agus 3 a diúltaíodh). Tugadh cead don fhorbairt de 1,685 aonad tithíochta san iomlán (707 teach agus 978 árasán) agus 289 spás leapa do mhic léinn. Sa liosta cinntí a rinneadh ar 9 iarratas sa chéad ráithe de 2019, bhí 4 i mBaile Áth aCliath, bhí 3 i gCocraigh agus bhí 2 i gCill Dara.

Tá liosta iomlán na bhforbairtí ar tugadh cead dóibh le fáil i Sceideal A.

Strategic Housing Developments - Applications			
	Permissions Granted	**Housing Units**	**Student Bed-Spaces**
2018	27	7,102	4,479
Quarter 1 2019	6	1,685	289
Total	33	8,787	4,768

Rinneadh cinntí ar na hiarratais ar fad laistigh den tréimhse éigeantach de 16 seachtain.

Comhairliúcháin Réamh-Iarratas FST

Cúlra

Teastaíonn comhairliúchán réamh-iarratais a eagraítear leis an iarratasóir, leis an údarás áitiúil cuí agus leis an mBord Pleanála mar chuid den phróiseas iarratais. In 2018, fuarthas 97 iarratas ar chomhairliúchán réamh-iarratais agus eisíodh 74 tuairim.

Comhairliúcháin Réamh-Iarratais i Ráithe 1 2019

Fuarthas 27 iarratas eile ar chomhairliúchán réamh-iarratais sa chéad ráithe de 2019 agus eisíodh 40 tuairim.

Strategic Housing Developments – Pre-Application Consultations		
	Requests Received	Opinions Issued
2017	36	25
2018	97	74
Quarter 1 2019	27	40
Total	160	139

Eisítear tuarimí ar chomarliúcháin réamh-iarratais laistigh de 9 seachtain ón lá a fhaightear iad agus eisíodh 40 tuairim i Ráithe 1, 2019.

Is féidir eolas d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanála.ie.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.

Sceideal A

Forbairt Straitéiseach Tithíochta – Iarratais a Deonaíodh – Ean - Már 2019						
Forbairt Chónaithe						
Iarratas	**Uimh. Tithe**	**Uimh. Árasán**	**Aonaid Iomlána**	**Dáta a Fuarthas**	**Dáta an Chinnidh**	**Uimh. Seachtainí**
Chesterfield, An Bóthar Trasna, An Charraig Dhubh, BÁC.	7	214	221	30/10/2018	13/02/2019	14
Bóthar Chill Chuillinn, An Nás, Co.Chill Dara	97	28	125	16/11/2018	06/03/2019	15
Cooney's Lane, An Ghráig, An Ghráinsigh, Co. Chorcaí.	176	75	251	27/11/2018	21/03/2019	16
Marianella, 75 Bóthar Orwell, Ráth Garbh, BÁC 6.		107	107	30/11/2018	12/03/2019	14
Ascaill Uí Ghríofa, Marino, BÁC 9.	8	377	385	20/12/2018	27/03/2019	13
Cóiríocht do Mhic Léinn						
Iarratas		**Uimh. Spás Leapa do Mhic Léinn**	**Dáta a Fuartha**		**Dáta**	**Uimh. Seachtainí**
Nolan Seafoods Limited, Bóthar Ráth an Dúin, BÁC 7.		289	10/10/2018		06/02/2019	16

Sceideal B

Forbairt Straitéiseach Tithíochta - Iarratais a Diúltaíodh– Ean - Már 2019						
Forbairt Chónaithe						
Iarratas	**Uimh. Tithe**	**Uimh. Árasán**	**Aonaid Iomlána**	**Dáta a Fuarthas**	**Dáta an Chinnidh**	**Uimh. Seachtainí**
Maple Woods, Baile na Cora, Mainistir na Corann, Corcaigh	120	56	176	16/10/2018	12/02/2019	16
Baile Mhaine, Droichead Nua, Co. Chill Dara	145	35	180	02/11/2018	12/02/2019	14
Ard an Róistigh, Baile an Easpaig, Contae Chorcaí.	154	86	240	30/11/2018	20/03/2019	15